# S.C.G & O.C.G – An Córas Achomhairc

## I. <u>Tá dhá eilimint sa chóras achomhairc.</u>

a. Breathnú ar script(eanna).
b. Achomharc a lorg.

## II. <u>Breathnú ar Script(eanna).</u>

a. Tar éis duit do chuid torthaí a fháil, má shocraíonn tú gur mhaith leat breathnú ar script(eanna) de do chuid, beidh ort ríomhphost do bhreathnú ar script(eanna) a sheoladh chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (seol chuig viewing.scgocg@protonmail.com ). Sa ríomhphost seo lua **'VIEWING'** sa teideal agus sa ríomhphost lua; d'ainm, SCG nó OCG, do uimhir scrúdaithe/measúnaithe agus an mír/míreanna gur mhaith leat breathnú ar/orthu.
b. Seol an ríomhphost, le bheith ag Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge faoi **5.00i.n. ar an Céadaoin, 21 Bealtaine, 2025**.

c. Ní ghlacfar le ríomhphoist tar éis an am & dáta thuas agus ní thabharfar cead d'aon duine breathnú ar script(eanna) ach amháin dóibh siúd a bhfuil iarratas curtha ar ais in am acu trí ríomhphost.
d. Níl aon táille i gceist do bhreathnú ar script(eanna).
e. Is ag Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9,D09R232 , go pearsanta, ar an Satharn 24 Bealtaine 2025 , 10.00 r.n.– 12.00 a bheifear in ann breathnú ar script(eanna).
f. <u>Tugtar faoi deara nach gá breathnú ar script(eanna) chun achomharc a dhéanamh.</u>
g. <u>Ní féidir breathnú ar scripteanna ach amháin ag an seissiún seo.</u>
h. Rialacha a bhaineann le Breathnú ar Script(eanna):
   i. Tá an breathnú ar scripteanna do iarrthóirí a fuair idir 0 – 39% sa mhodúl don bhreathnú.
   ii. Ní féidir ach le hiarrthóirí a sheol isteach iarratas trí ríomhphost chun Breathnú ar Scripteanna.
   iii. Ní bheidh ar fáil duit ag an seisiún breathnú ar scripteanna <u>ach</u> an script scrúdaithe/modúil atá luaite agat sa ríomhphost.
   iv. Is féidir le duine fásta teacht le hiarrthóir chuig an seisiún breathnú ar scripteanna.
   v. Ní féidir le duine fásta teacht chuig an seissiún breathnú ar scripteanna ach amháin le iarrthóir (aoí amháin do gach iarrthóir).
   vi. Ní féidir le hiarrthóir script a thógáil as an halla, scríobh ar script, aon script a thógáil nó cóip/griangráf/taifeadadh a dhéanamh d'aon script.
   vii. Is féidir le hiarrthóirí, más mian leo, tar éis a bheith ag féachaint go ciúin ar na scripteanna ar feadh tamaill dul i gcomhairle le foireann léachtóireachta Rannóg na Gaeilge, Institiúid Oideachais Marino a bheidh i láthair ag an seisiún.
   viii. **<u>Cuirfear an comhairle seo ar fáil don iarrthóir amháin</u>**.
   ix. Níl sé riachtanach go mbreathaíonn tú ar do script chun achomharc a lorg.
   x. Beidh Breathnú ar Scripteanna ar siúil mar atá luaite thuas. Iarrthóirí <u>a bhfuil ríomhphost chun breathnú ar scripteanna seolta isteach acu</u> is féidir leo a mbealach a dhéanamh go dtí an Oifig Fáiltithe agus na fógraí a leanúint ar an lá..
   xi. Is féidir aon duine nach gcloíann leis na rialacha thuas a chuir amach as an halla ina mbeidh an Breathnú ar Scripteanna ar siúil.
   xii. **Ná tabhair d'ainm le breathnú ar scripteanna muna bhfuil sé ar intinn agat a bheith i láthair ar an lá.**

## III. <u>Achomharc a lorg.</u>

a. Tar éis duit do chuid torthaí a fháil nó tar éis duit breathnú ar script(eanna) de do chuid b'fhéidir gur mhaith leat achomharc a dhéanamh. Tar éis duit do chuid torthaí a fháil, má shocraíonn tú gur mhaith leat Achomharc a lorg, beidh ort ríomhphost ag lorg Achomharc a sheoladh chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (chuig appeals.scgocg@ptotonmail.com ). Sa ríomhphost seo lua **'APPEAL'** sa teideal agus sa ríomhphost lua; d'ainm, SCG nó OCG, do uimhir scrúdaithe/measúnaithe agus an mír/míreanna gur mhaith leat Achomharc a lorg ar/orthu.
**b.** Caithfear táille €50 do gach modúl a íoc ar-líne le cárta ag https://pay.easypaymentsplus.ie//feepay1.aspx?id=402
**c.** SCG OCG Miscellaneous Fees/Appeal Fee **<u>faoi 5.00 i.n. ar an Luan 26 Bealtaine 2025.</u>**
d. Ni ghlacfar le iarratais tar éis an dáta thuas agus ní bheifear in ann achomharc a dhéanamh gan an ríomhphost <u>agus</u> an íocaíocht a bheith curtha i bhfeidhim faoin dáta agus am thuasluaite..
e. Cuirfear do script ansin chuig ceartaitheoir chun é a athcheartú.
f. Usáidfear ceartaitheoir difriúil don athcheartú.
g. Déanfar an t-athcheartú de réir na gcritéar céanna a úsáideadh don chéad cheartú.
h. Féachfar chuige gur cuireadh na critéir sin i bhfeidhm i gceart. Ní féidir le haon cheartaitheoir marcanna a bhronnadh nach bhfuil de réir na gcritéar sin.
i. D'fhéadfaí do ghrád a ardú, é a fhágáil mar an gcéanna, nó é a ísliú.
j. Tá súil go mbeidh na torthaí ar fáil ar nó roimh an Luan 9 Meitheamh 2025.